## An teicneolaíocht

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **An teicneolaíocht** ar gach duine sa rang.
- *Obair bheirte – stór focal*: Mínigh cad atá i gceist leis an ghníomhaíocht. Caithfidh siad cur síos a dhéanamh dá chéile ar na focail sna boscaí. Caithfidh duine A na focail ó bhosca A a mhíniú agus caithfidh duine B na focail ó bhosca B a mhíniú. Léigh an sampla leis an rang ar fad sula gcuirfidh tú tús leis an ghníomhaíocht. Bain úsáid as focal nó dhó eile chun sampla a dhéanamh más gá. Abair leo brí na bhfocal a sheiceáil ar líne mura bhfuil siad cinnte. Téigh siar ar na focail ar fad nuair atá tamall maith caite ag gach beirt na focail a thomhas.
- Iarr orthu ansin an t-alt a chur leis na focail ar fad. Is fiú ag an phointe seo dul siar ar na rialacha a bhaineann le hainmfhocail dar tús **d**, **t**, **l**, **n** agus **s** – Ní shéimhítear an t-ainmfhocal tar éis 'an' má thosaíonn sé ar **d**, **t** nó **s**. Mar shampla: an teachtaireacht ríomhphoist.

***Freagraí:***

| |
|---|
| **Cúrsaí ríomhaireachta**<br>an ríomhaire glúine, an scáileán, an luch, an víreas, an clár ríomhaireachta, an litreoir, an comhad |
| **Cúrsaí idirlín**<br>an blagálaí, an t-idirlíon, an teachtaireacht ríomhphoist, an t-íoslódáil, an suíomh gréasáin, an ceangaltán, an caifé idirlín, an t-inneall cuardaigh, an físchomhrá, an turscar (spam), an gréasán domhanda, an tseirbhís leathanbhanda |
| **Teicneolaíocht eile**<br>an printéir, an guthán póca, an dúch, an tuarthéacs, an teachtaireacht téacs |

- *Obair ghrúpa – plé*: Cuir triúr nó ceathrar ina suí le chéile agus abair leo go mbeidh siad ag plé na gceisteanna le chéile. Léigh na ceisteanna leis an rang ar fad le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud. Tabhair tamall sách fada cainte dóibh agus bí ag siúl thart ag éisteacht lena gcuid cainte. Ag deireadh na gníomhaíochta, pléigh aon deacracht a tháinig chun cinn le linn an chomhrá.

## An teicneolaíocht – Léamh

- Scaip **An teicneolaíocht – Léamh** ar gach duine sa rang. Seo roinnt moltaí chun an téacs a láimhseáil sa rang:
  - ✓ Iarr ar na foghlaimeoirí an t-alt a léamh go ciúin iad féin ar dtús agus líne a chur faoi na focail nach dtuigeann siad. Pléigh na focail dheacra leis an rang iomlán ansin. / Iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla cúpla líne a léamh os ard agus pléigh cibé deacracht foghraíochta nó foclóra a thagann chun cinn. / Iarr ar gach beirt nó triúr an téacs a léamh os ard le chéile agus bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo.
  - ✓ Cuir ceisteanna ar an rang faoin alt, le bheith cinnte gur thuig siad an méid a léigh siad.

- ✓ Roinn an téacs i dtrí chuid agus iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla cur síos a dhéanamh duit ar ábhar na n-alt sa téacs.
- ✓ Roinn an rang i mbeirteanna agus iarr ar gach beirt ceisteanna a chumadh, bunaithe ar an téacs, le cur ar an duine eile. Pléigh roinnt de na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.
- ✓ Ag brath ar chruthaitheacht an ranga, thiocfadh leat iarraidh ar gach beirt scéalchlár a chruthú bunaithe ar an téacs.

- *Obair bheirte*: Cuir gach beirt ag obair le chéile. Léigh na ceisteanna leis an rang iomlán le bheith cinnte go dtuigeann siad cad é atá le déanamh. Tabhair tamall sách fada cainte dóibh agus bí ag siúl thart ag éisteacht lena gcuid cainte. Ag deireadh na gníomhaíochta, pléigh na rudaí ar fad nach féidir le daoine a dhéanamh gan an idirlíon agus gan fón póca. Iarr ar na foghlaimeoirí na mothúcháin ar fad a shíolraíonn as na cásanna seo a thabhairt duit agus scríobh liosta de na mothúcháin sin ar an chlár. Mar shampla: fearg, brón, frustrachas, scaoll srl.

## Fadhbanna agus aipeanna

- *Obair bheirte – rólimirt*: Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag tabhairt faoi dhá rólimirt; dhá chomhrá atá i gceist. Roinn an rang i mbeirteanna arís. Abair leo go mbeidh duine amháin ag cuardach comhairle agus duine amháin ag tabhairt comhairle. Abair leo na róil a mhalartú. Féach ar na comhráite samplacha thíos. Is féidir leat iad a úsáid cibé bealach is mian leat, ag brath ar chumas do ranga:
  - ✓ iad a léamh amach don rang sula gcuirfidh tú tús leis an ghníomhaíocht.
  - ✓ is féidir cuid den fhoclóir atá sna comhráite samplacha a phlé leis an rang ar dtús.
  - ✓ is féidir leat iad a chur i gcomparáid leis na comhráite a bhí ag na foghlaimeoirí féin, ag deireadh na gníomhaíocha.

Do ghuthán póca a dheisiú:

- Haigh a Shíle, an féidir liom cabhrú leat?
- Dia duit. Tá fadhb agam le mo ghuthán póca. Ní oibríonn sé a thuilleadh.
- Feicim. Agus cad atá i gceist agat go díreach?
- Tá sé ina steig meig.
- Tá brón orm, ní thuigim.
- Tá sé chomh marbh le scadán.
- Ah, ok.
- Tá sé marbh mar ní féidir liom é a luchtú.
- Ceart go leor. B’fhéidir go bhfuil luchtaire nua de dhíth ort?
- Níl. Bhain mo chara úsáid as an luchtaire atá agam agus d’oibrigh sé go breá.
- Sin drochscéala. Déarfainn go bhfuil an nascóir sa phort ar an ghuthán féin briste.
- Ní chreidim é. Níor cheannaigh mé an fón ach cúig mhí ó shin.
- Is dócha nach raibh tú cúramach go leor agus tú ag plugáil isteach an luchtaire!
- Níl sé sin fíor. Bím an-chúramach le mo ghuthán póca i gcónaí.
- Cinnte. Cinnte. Beidh ort dul go dtí siopa fóin chun bail a chur air. Ach ná bíodh imní ort. Déanfaidh siad rud éigin.
- Tá súil agam. Go raibh maith agat.

An ceangal idirlín a dheisiú i mol teicneolaíochta:

- Idirlíon na hÉirinn. Conas is féidir liom cabhrú leat?
- Níl aon idirlíon agam agus tá mé ag obair sa mhol nua teicneolaíochta i Maigh Eo. Bhog mé go dtí an baile beag seo mar gealladh dom go mbeadh idirlíon den scoth agam. Ní chreidim nach n-oibríonn sé cheana féin!
- Cé chomh fada is atá sé briste?
- Le dhá uair an chloig agus tá mé ag dul as mo mheabhair. Tá mé faoi bhrú millteanach le mo chuid oibre. Tá spriocdháta agam ag a cúig a chlog.
- Tuigim go maith. Abair liom go díreach cad atá mícheart.
- Dúirt mé leat. Níl an ceangal idirlín sa mhol ag obair.
- Ok. Cé mhéad ríomhaire atá sa mhol?
- Dhá cheann déag.
- An bhfuil an t-idirlíon ag obair ar aon ríomhaire ansin?
- Níl.
- Go maith.
- Go maith?
- Bhuel, tuigim anois an fhadhb. Téigh agus féach ar an ródaire. An bhfuil aon soilse lasta air?
- Tabhair nóiméad dom. Tá sé thuas staighre…… Níl. Tá cuma mharbh air ceart go leor.
- Sin é. Tabhair dom d'ainm agus do sheoladh.
- Maire Ní Chuinn, 7 Bóthar na Trá, Caisleán na Mart.
- Go breá. Agus cad é d'uimhir ghutháin?
- 097 222 4983
- Beidh ródaire sa phost agat amárach. Go raibh míle maith agat.
- Sin é?
- Sin é. Nuair a fhaigheann tú an ródaire nua, níl le déanamh ach é a phlugáil isteach agus beidh an t-idirlíon agat arís.
- Go raibh maith agat.

- *Obair ghrúpa – an aip is fearr*: Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar. Léigh na treoracha leis an rang ar fad. Tabhair tamall sách fada cainte dóibh agus bí ag siúl thart ag éisteacht lena gcuid cainte. Ag deireadh na gníomhaíochta pléigh aon deacracht a tháinig chun cinn le linn an chomhrá. Tar éis do gach grúpa an cur i láthair a dhéanamh, pléigh na haipeanna ar fad a bhí acu. Seo sampla den chineál cur i láthair atá i gceist:

  *Podcast Addict* ainm na haipe. Éisteann tú leis an raidió nó le podchraoltaí leis an aip seo. Tóg mar shampla an podchraoladh 'Blas'. Osclaíonn tú an aip. Sa choirnéal ar dheis feiceann tú comhartha *plus* i gciorcal. Brúigh air sin agus tagann spás cuardaigh aníos. Sa spás sin scríobh isteach ainm an phodchraolta, sa chás seo – Blas. Tagann liosta aníos agus roghnaíonn tú an podchraoladh atá i gceist trí chliceáil ar an ticmharc. Ciallaíonn sé anois go bhfuil tú cláraithe leis an phodchraoladh 'Blas' agus tiocfaidh gach clár nua aníos san fhotha.

## An táirge foirfe

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **An táirge foirfe** ar gach duine sa rang.
- *Obair bheirte – reic díolacháin*: Léigh na treoracha leis an rang iomlán agus bí cinnte go

dtuigeann gach duine cad atá le déanamh. Tá ar gach beirt smaoineamh ar tháirge nua-aimseartha a cheapann siad a bheadh an-úsáideach ar fad. Caithfidh siad ansin reic díolacháin a scríobh a chuideodh leis an bheirt an táirge 'a dhíol' don rang. Léigh an sampla – An Cóiritheoir Pearsanta – leis an rang, a thabharfaidh tuairim dóibh cad atá i gceist. Nuair atá an sampla pléite tabhair tamall sách fada do na foghlaimeoirí an tasc a dhéanamh. Bí ag siúl thart le cuidiú leo más gá. Seo cúpla bealach difriúil chun déileáil leis an chéad chuid eile den ghníomhaíocht:

- ✓ Iarr ar na foghlaimeoirí na reiceanna a scríobh amach go cruinn mar obair bhaile.
- ✓ Iarr ar gach beirt a dtáirge a chur i láthair an ranga.
- ✓ Iarr ar gach beirt póstaer a reaca a chrochadh ar an bhalla. Ba cheart go mbeadh pictiúr ag dul leis na reiceanna chun iad a dhéanamh níos suimiúla agus níos soiléire. Bíodh 'margadh' agat ansin sa rang. Abair leis na foghlaimeoirí a bheith ag siúl timpeall an ranga ag féachaint ar na táirgí ar fad agus an táirge is fearr leo a roghnú. Bíodh plé agat ar an táirge is mó a bhfuil dúil ag daoine ann agus cén fáth a bhfuil dúil acu ann.

## Cúrsaí idirlín

- Scaip an bhileog **Cúrsaí idirlín** ar gach duine sa rang.
- *Obair ghrúpa – réamhobair éisteachta*: Iarr ar gach grúpa plé a dhéanamh ar úsáid an idirlín go ginearálta. Pléigh na tuairimí leis an rang ar fad.
- *Cúrsaí idirlín – éisteacht*: Léigh tríd na ceisteanna leo le bheith cinnte go dtuigeann siad iad. Cuir an mhír ar siúl faoi dhó do na foghlaimeoirí le sos beag idir gach éisteacht le seans a thabhairt dóibh na ceisteanna a fhreagairt ina mbeirteanna. Pléigh tusa na ceisteanna leis an rang ar fad agus ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú.

***Freagraí:***

1. Is clár irise é seo ar a mbíonn daoine ag plé nithe a bhíonn ar na meáin.
2. Tá sí go mór ar son daoine ag glacadh pictiúir d'eachtraí ar an toirt lena gceamaraí digiteacha agus ar a nguth※áin. Baineann sí úsáid as focail ar nós – *go mór, rud iontach, an rud ab fhearr ar domhan*. Tá sí in éadan daoine óga ag caitheamh barraíocht ama ar an idirlíon. Baineann sí úsáid as focail ar nós – *am amú, más tuairimíocht é, in aghaidh moráltachta, in aghaidh an dlí.*
3. Tuairimíocht atá i gceist leis an cheist seo.
4. Tuairimíocht atá i gceist leis an cheist seo.
5. Tuairimíocht atá i gceist leis an cheist seo.

- *Obair bheirte – na meáin shóisialta*: Cuir gach beirt ag obair le chéile. Léigh na treoracha leis an rang iomlán le bheith cinnte go dtuigeann siad cad é atá le déanamh. Tabhair tamall sách fada cainte dóibh leis na hagallaimh a dhéanamh agus bí ag siúl thart ag éisteacht lena gcuid cainte. Ag deireadh na gníomhaíochta, éist le gach foghlaimeoir ag déanamh cur síos ar na nósanna atá ag an duine in aice leo ó thaobh na meán sóisialta de.

  Ceisteanna samplacha eile:
  Cén cineál fóin atá agat?
  Cad iad na suíomhanna meán sóisialta a mbaineann tú úsáid astu? Cén fáth?
  Cén fáth a bhfuil dúil agat sa suíomh ___________?
  Cá fhad a chaitheann tú ag úsáid na meán sóisialta sa lá?
  Ar cheart go mbeadh rialacháin níos déine ar na meáin shóisialta?
  Cad faoi dhaoine óga agus na meáin shóisialta?

## Grianghraif

- Scaip **Grianghraif** ar gach duine sa rang.

- *Obair ghrúpa – an grianghraf is iontaí*: Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar. Léigh na treoracha leis an rang ar fad.
- *Cuid A – Bí ag obair leat féin ar dtús*: Tabhair tamall gearr do gach foghlaimeoir an grianghraf is fearr leo a roghnú leo féin.
- *Cuid B – Cur i láthair sa ghrúpa:* Bí ag siúl thart a fhad is atá na foghlaimeoirí ag plé na ngrianghraf le chéile. Cuir féin cúpla ceist ar fhoghlaimeoirí éagsúla faoina ngrianghraif.
- *Cuid C – Cur i láthair an ranga:* Caithfidh na grúpaí ar fad grianghraf amháin as na grianghraif a phléigh siad a roghnú le cur i láthair an ranga. Tabhair cúpla nóiméad do na grúpaí an cur i láthair a ullmhú le chéile agus duine a roghnú chun an cur i láthair a dhéanamh. Spreag na daoine eile sa rang chun ceisteanna a chur ar an duine atá ag cur an ghrianghraif i láthair. Bíodh plé agat leis an rang iomlán ag deireadh na gníomhaíochta faoin ghrianghraf is fearr leo.

## Cúrsaí idirlín – Rólimirt

- Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag déanamh rólimeartha ar ball.
- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar agus tabhair ról A don chéad duine, ról B don dara duine agus mar sin de.
- Léigh na róil ar fad agus an rún – Cuireann an t-idirlíon go mór le saol agus le sástacht an duine – le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Tabhair tamall dóibh a róil a ullmhú agus pointí a bhreacadh síos a chuideoidh leo a gcuid tuairimí a chur in iúl le linn na díospóireachta. Bí thusa ag siúl thart ag cuidiú leo más gá.
- Iarr orthu an plé a bheith acu ansin. Nuair atá tamall maith caite acu ag díospóireacht, iarr ar ghrúpa amháin an díospóireacht a dhéanamh os comhair an ranga ar fad. Pléigh na tuairimí leis an rang. Ceartaigh aon bhotún a chuala tú le linn na cainte.

## Cúrsaí teanga agus teicneolaíochta

- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus scaip **Cúrsaí teanga agus teicneolaíochta** ar gach duine sa rang.
- *Obair ghrúpa – réamhobair éisteachta*: Iarr ar gach grúpa plé a dhéanamh ar na bealaí ar fad a chuidíonn an teicneolaíocht le teanga a fhoghlaim. Pléigh na tuairimí leis an rang iomlán ansin. Seo cúpla smaoineamh:
  - tá na hacmhainní ar fad le fáil ar líne anois ar do ghuthán póca - foclóirí agus mar sin de
  - Is féidir ranganna a dhéanamh trí Skype srl
  - tá a lán suíomhanna ar nós duolingo chun cuidiú le daoine teanga a fhoghlaim
  - tá pobail idirlín agus fóraim phoiblí go forleathan má tá ceist ghramadaí agat
  - tá go leor ilmhodhanna foghlama trí chláir idirghníomhacha – éisteacht, scríobh, léamh agus labhairt
  - tá uathcheartú ina chuidiú an-mhór
  - is féidir do thuras foghlama a phearsanú
  - cuireann an t–idirghníomhú sóisialta ar na meáin shóisialta le teanga a fhoghlaim
  - tá cluichí iontacha teangacha le fáil ar an idirlíon
- *Éisteacht*: Léigh tríd na ceisteanna leo le bheith cinnte go dtuigeann siad iad. Cuir an mhír ar siúl faoi dhó do na foghlaimeoirí le sos beag idir gach éisteacht le seans a thabhairt dóibh na ceisteanna a fhreagairt ina mbeirteanna. Pléigh tusa na ceisteanna leis an rang ar fad agus ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú.
  *An mhír*: Seinn an mhír ón tús go dtí 2 nóiméad agus 15 soicind.

https://www.bbc.co.uk/sounds/play/p04jyg0z.

***Freagraí:***

1. 2.3 milliún agus léiríonn sé a lán suime sa Ghaeilge.
2. Breis is milliún.
3. Tá sé an-sásta faoin líon daoine atá tógtha leis an Ghaeilge agus atá ag cabhrú leis an Ghaeilge a chur chun cinn.
4. 87.
5. Scríobh sé ábhar don chúrsa agus chum sé na ceachtanna. Ceartaíonn sé aon bhotún a thagann chun cinn agus bíonn sé ag plé le haiseolas ó na húsáideoirí.

- *Obair ghrúpa – foghraíocht*: Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag dul go dtí an suíomh www.teanglann.ie chun foghraíocht focail áirithe a chleachtadh. Bíodh triúr i ngach grúpa: duine amháin a dhéanfaidh athrá ar an fhocal i gcanúint Uladh, duine amháin a dhéanfaidh athrá ar an fhocal céanna i gcanúint Chonnacht agus duine amháin a dhéanfaidh athrá ar an fhocal sin i gcanúint na Mumhan. Pléigí an tábhacht a bhaineann le foghraíocht mhaith i bhfoghlaim teanga sula gcuirfidh tú na grúpaí ag éisteacht leis na focail ar a nguthháin phóca. Níl sna focail sa chiorcal ach samplaí d'fhocail is féidir a úsáid. Cuir leis na focail sin trí liosta focal a scríobh ar an chlár – meall na focail ó na foghlaimeoirí féin.
- Má cheapann tú go mbeadh an ghníomhaíocht seo róchallánach don seomra ranga, is féidir iarraidh ar na foghlaimeoirí an tasc a dhéanamh sa bhaile.

## Coibhneas Díreach agus Indíreach

- Scaip an bhileog **Coibhneas Díreach agus Indíreach** ar gach duine sa rang.
- *Rialacha*: Léigh tríd na rialacha ar an bhileog leis an rang go cúramach. Bain úsáid as samplaí eile chun na rialacha a mhíniú más gá.

## Coibhneas Díreach agus Indíreach – Cleachtadh

- Scaip an bhileog **Coibhneas Díreach agus Indíreach – Cleachtadh** ar gach duine sa rang.
- *Cleachtadh*: Iarr ar gach duine an cleachtadh a dhéanamh ansin. Pléigh na freagraí leis na foghlaimeoirí agus téigh siar ar aon deacracht a bhí acu.

***Freagraí:***

1. Cén áit ar chas tú leis go deireanach?
2. Sin an duine a chuaigh chun na hollscoile i mBaile Átha Cliath.
3. Sin an duine a ndeachaigh a mhac chun na hollscoile i mBaile Átha Cliath.
4. Cé a chuaigh leat?
5. Cén fhad a bheidh tú sa Spáinn?
6. Cén fáth ar fhág do mháthair?
7. Sin an cailín a ndearna madra ionsaí uirthi an bhliain seo caite.
8. Cé dó ar thug tú an leabhar?
9. Cé mhéad páiste a bheidh leo?
10. Conas a rinne tú é sin? / Cén dóigh a ndearna tú é sin?